

Le Chéile - caidé d’fhoghlaim muid is caidé tá romhainn amach?

D’éirigh go geal leis an tionscnamh Le Chéile go dtí seo: Tá an Ghaeilge ag bláthú i gCraobh Chualann maraon le ceol urlíse, amhránaíocht agus damhsa.

Tá Coiste Chraobh Chualann an-sásta leis an dea-thoradh, agus meastar gur chuidigh na gnéithe seo aleanas go mór:

- Tá cumas Gaeilge ag líon suntasach de bhaill na craoibhe, idir óg agus aosta.
- Tá líofacht chainte ag go leor de na múinteoirí sa chraobh, agus tá siad toilteanach an Ghaeilge a usáid ina gcuid ranganna.
- Chuir baill áirithe ranganna deonacha ar fáil do bhaill eile a bhí ag iarraidh feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge.
- Bhí an teanga le braith mórthimpeall, agus aird á tarraingt uirthi, trí na ranganna Gaeilge, na fógraí san ionad, agus an tacaíocht ó na hambasadóirí Gaeilge a chuaigh thart ag comhrá leis na baill.
- Ba chuidiú mór an tacaíocht ó Choiste Chraobh Chualann, agus an obair dhíograiseach a rinne fochoiste Le Chéile, a bhunaigh an gluaiseacht agus a choinnigh ag dul é i rith na bliana.
- Dea-mhéin ó ghnáth-bhaill na craoibhe, agus ó fhoireann na Cultúrlainne.
- An tacaíocht, agus maoiniú 100% ó Chomhaltas Ceoltóirí Éireann agus ó Fhoras na Gaeilge.

Sa bhliain amach romhainn tá sé beartaithe againn:

- A. Amhránaíochta sean nóis a chur ar fáil do na baill, saor i n-aisce.
- B. Beidh fograí agus íomhánna breise le feiceáil taobh istigh den Chultúrlann.



Tá Coiste Chraobh Chualann dóchasach go bhfuil an Ghaeilge sa chraobh ag dul ó neart go neart agus go mbeidh sí i gconaí i gcroí-lár imeachtaí na craoibhe, gach trathnóna Aoine.

FÁILTE CHUIG
LE CHÉILE

GLUAISEACHT CHUN GAEILGE
A CHUR I GCROÍLÁR CULTÚR
CRAOBH CHUALANN

Craobh Chualann, Cúlúrlann na hÉireann, 32 Belgrave Square, Monkstown, Co Dublin.


+353 86 1048465 info@craobhchualann.net www.craobhchualann.net

© Copyright limetree concepts ltd. all rights reserved

Fáilte Welcome

D'fhás an gluaiseacht seo as bunphrionsabail agus cuspóirí Chraobh Chualann – go mbeadh an Ghaeilge i gcroílár imeachtaí na craoibhe.

- 1 Cé go bhfuil gnéithe áirithe denár gcultúr m.sh. amhránaíocht, ceol uirlise agus damhsa láidir sa chraobh, bhraitheamar nach raibh an Ghaeilge á labhairt ach ag mionlach beag de na baill.
- 2 Cé go bhfuil céatadán ard de na baill óga ag freastail ar Ghaelscoileanna agus ar Ghaelcholáistí sa cheantar, tugadh faoi deara nach raibh sé sin le feiceáil in úsáid na Gaeilge sa chraobh.
- 3 Rinneadh suirbhé ar na baill chun fáil amach an raibh suim acu an Ghaeilge a chur chun cinn mar ghnáth-theanga caidrimh sa chraobh.
- 4 Ag éirí as an dea-mhéin a nochtaigh an suirbhé, cuireadh tús le clár chun tacú leis an teanga mar ghnáth-theanga cumarsáide.
- 5 Cuireann an clár seo fáilte roimh gach éinne ar mian leis/léi an teanga a fhoghlaim agus a úsáid – is cuma cén leibhéal teanga, aois nó cúlra atá aige/aice.



Need other people to speak Irish first. Can be daunting to start; if other members started speaking it would be easier.

If others spoke to me I would speak back

More young people speaking Irish would encourage me to do it

Just need to promote a positive attitude to Irish

Craobh Chualann


Ag saothrú an chéad ghlúin eile

An tionscnamh Le Chéile

Le maoiniú ó Chomhaltas Ceoltóirí Éireann, ó Fhoras na Gaeilge agus ó Chraobh Chualann agus le tacaíocht ó bhaill agus ó fhoireann múinteoirí na craoibhe, cuireadh tús leis an gclár, Le Chéile.

- 1 Cuireadh ranganna Gaeilge ar fáil, saor in aisce do bhaill ag leibhéal éagsúla teanga.
- 2 Tá na ranganna seo bunaithe ar dhá fhoinsé, (i) leabhrán a cuireadh le chéile do thosaitheoirí agus d'fheabhsaitheoirí, ina bhfuil béim ar fhrásaí agus ar ghnáth-chomhrá a bhíonn ar siúl sa chraobh, agus (ii) leabhar dóibh siúd ar chaighdeán níos airde, a scríobh Pádraig Ó Maolchiaráin, iar-bhall de Chraobh Chualann.
- 3 Mhol muid do mhúinteoirí sa chraobh an Ghaeilge a úsáid ina gcuid ranganna (chomh maith le Béarla).
- 4 Rinneadh maisiú ar an Chultúrlann, an áit ina dtagann Craobh Chualann le chéile gach Aoine, le fógraí agus 'pop-ups' as Gaeilge.
- 5 Tháinig baill as 'chuile aoisghrúpa chun tosaigh a bhí toilteanach feidhmiú mar 'ambasadóirí Gaeilge' sa chraobh, chun caint agus comhrá a dhéanamh leis na baill.
- 6 Cuireadh t-léinte ildathacha agus suaitheantais ar fáil do na hambasadóirí, ar a raibh seanfhocail agus cora cainte.
- 7 Ritheamar sraith imeachtaí ina dtáinig láithreoirí, ceoltóirí, rinceoirí, amhránaithe, agus scríbhneoirí clúiteacha chugainn le haghaidh ceiliúradh ceoil agus teanga in éineacht le baill Chraobh Chualann.

Cuirtear fáilte roimh gach aois, gach cúlra agus gach tír a bheith páirteach sa ghluaiseacht seo. Agus cé gur ag tacú leis an Ghaeilge atá Le Chéile, tá fáilte fosta roimh an Béarla agus teangacha eile sa chraobh!



Liam O'Connor & Sibéal Davitt



Brian Ó Dochartaigh



Liam Ó Maonlaí

Craobh Chualann

Ag saothrú an chéad ghlúin eile

RANGANNA COMHRÁ

TIME	LEVEL
6.15-6.55pm	Comhrá Level 1
7.00-7.40pm	Comhrá Level 2
7.45-9.00pm	Comhrá Level 3
8.20-9.00pm	Comhrá for Fleadh entrants
8.30-9.10pm	Teoiric ceoil (music theory) trí Ghaeilge
9.15-9.40pm	Comhrá neamhfhoirmeálta sa bheár

Conas atá tú?
How are you?

(Tá mé) go maith!
(I'm) well!

Gloine uisce/fiona le do thoil
A glass of water/ wine please

Go raibh maith agat
Thank you

Tá sé ag éirí déanach
It's getting late

Ní thuigim
I don't understand

COMHALTAS

Urraithí ag Foras na Gaeilge

Craobh Chualann

Ag saothrú an chéad ghlúin eile

Scannán Le Chéile – Á Chur Le Chéile

Rinne Craobh Chulann scannán gairid a chuireann síos ar fhás Le Chéile go dtí seo, agus ar na rudaí d'fhoghlaim muid i gcaitheamh na céad bliana.



An Dara Suirbhé: torthaí na céad bliana

Ag deireadh na céad bliana rinneadh an dara suirbhé chun torthaí ár n-iarrachtaí a mheas, agus fuair muid aiseolas thar a bheith fábhrrach. Braitheann 85% de na baill go bhfuil an Ghaeilge á labhairt níos forleithne sa chraobh anois agus tá siad ag iarraidh go leanfar leis an iarracht seo. Braitheann 95% de na baill go bhfuil an-fháilte roimh an Ghaeilge sa Chraobh.

